



Uimhir 12 de 1996

An tAcht um Chumhachtaí Aturnae, 1996
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 12 de 1996

AN tACHT UM CHUMHACHTAÍ ATURNAE, 1996

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

CUID I

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme
2. Léiriú i gcoitinne
3. Dearbhú reachtúil ó chuideachta.

CUID II

CUMHACHTAÍ MARTHANACHA ATURNAE

4. Léiriú
5. Tréithe cumhachta marthanaí
6. Raon údaráis aturnae faoi chumhacht mharthanach
7. Cumhacht mharthanach do theacht i bhfeidhm agus do mharthain
8. Feidhmeanna na cúirte roimh chlárú
9. Iarratas ar chlárú
10. Clárú
11. An éifeacht a bheidh ag clárú agus cruthúnas ar chlárú
12. Feidhmeanna na cúirte maidir le cumhacht chláraithe
13. Aturnae agus tríú pearsa a chosaint i gcás cumhacht chláraithe a bheith neamhbhailí nó gan bheith i bhfeidhm
14. Feidhm maidir le comhaturnaetha agus comhaturnaetha leithleacha.

CUID III

CUMHACHTAÍ ATURNAE I GCOITINNE

15. Cumhacht a bhunú
16. Éifeacht cumhachta ginearálta i bhfoirm shonraithe
17. Deontaí cumhachta d'fhorghníomhú ionstraimí, etc.
18. Deontaí agus daoine eile a chosaint i gcás go mbeidh cumhacht arna cúlghairm
19. Aistrí faoi idirbheart stocmhalartáin a chosaint
20. Cumhacht a thabharfar mar urrús
21. Cruthúnas ar an ionstraim lena mbunaítear cumhacht
22. Ionstraimí bunaidh a thaisceadh sa Phríomh-Oifig
23. Cumhacht maidir le talamh a thabhairt do cheannaitheoir.

CUID IV

ILGHNÉITHEACH

24. Orduithe agus rialacháin a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais
25. Aisghairm.

AN CHÉAD SCEIDEAL

FÓGRA ROIMH CHLÁRÚ

AN DARA SCEIDEAL

COMHATURNAETHA AGUS COMHATURNAETHA LEITHLEACHA

AN TRÍÚ SCEIDEAL

FOIRM CUMHACHTA GINEARÁLTA ATURNAE

AN CEATHRÚ SCEIDEAL

NA HACHTACHÁIN A AISGHAIRTEAR

NA HÁCHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

| | |
|---|----------------------|
| Acht na gCuideachtaí, 1990 | 1990, Uimh. 33 |
| <i>Conveyancing Act</i> , 1881 | 44 & 45, Vic., c. 41 |
| <i>Conveyancing Act</i> , 1882 | 45 & 46, Vic., c. 39 |
| An tAcht Sláinte (Tithe Banaltrais), 1990 | 1990, Uimh. 23 |
| <i>Lunacy Regulation (Ireland) Act</i> , 1871 | 34 & 35 Vic., c. 22 |
| <i>Settled Land Act</i> , 1882 | 45 & 46, Vic., c. 38 |
| An tAcht um Stocmhalartáin, 1995 | 1995, Uimh. 9 |
| An tAcht um Aistriú Stoic, 1963 | 1963, Uimh. 34 |
| An tAcht Comharbais, 1965 | 1965, Uimh. 27 |



Uimhir 12 de 1996

AN tACHT UM CHUMHACHTAÍ ATURNAE, 1996

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ GO dtIOCFAIDH CUMHACHTAÍ ATURNAE I nGNÍOMH NUAIR ATÁ ÉAGUMAS MEABHRACH AR DHEONTÓIR NA CUMHACHTA NÓ AG TEACHT AR DHEONTÓIR NA CUMHACHTA AGUS DO LEASÚ AR BHEALAÍ EILE AN DLÍ A BHAINNEANN LE CUMHACHTAÍ ATURNAE I gCOITINNE.

[5 Meitheamh, 1996]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID I

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

1.—(1) Féadfar an tAcht um Chumhachtaí Aturnae, 1996 a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal agus tosach feidhme.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon fhorálacha áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a shocrú amhlaidh le haghaidh forálacha éagsúla.

2.—(1) San Acht seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt— Léiriú i gcoitinne.
folaíonn “tíolaic” aistrigh, léasaigh agus sann, agus forléireofar “tíolacas” dá réir sin;

ciallaíonn “cumhacht” cumhacht aturnae;

ciallaíonn “cumhacht aturnae” ionstraim arna síniú ag duine (an deontóir) nó le treorú uaidh nó uaithi, nó foráil in ionstraim den sórt sin, lena dtugtar an chumhacht don deontaí chun gníomhú thar ceann an deontóra de réir théarmaí na hionstraime;

folaíonn “dearbhú reachtúil” dearbhú reachtúil arna dhéanamh de réir *alt 3*.

(2) (a) San Acht seo, aon tagairt do Chuid, d’alt nó do Sceideal is tagairt í do Chuid, d’alt nó do Sceideal den Acht seo mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’achtachán éigin eile atá beartaithe.

(b) San Acht seo, aon tagairt d’fho-alt, do mhír nó d’fhómhír is tagairt í don fho-alt, don mhír nó don fhómhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’fhoráil éigin eile atá beartaithe.

(3) San Acht seo, aon tagairt d’Acht is tagairt í don Acht sin arna leasú dá éis sin.

Dearbhú reachtúil ó chuideachta.

3.—Más rud é, chun aon cheann de chríocha an Achta seo, go mbeidh dearbhú reachtúil le déanamh ag duine is ilchorparáid, féadfaidh duine a bheidh údaraithe ag an gcorparáid chun gníomhú thar a ceann é a dhéanamh.

CUID II

CUMHACHTAÍ MARTHANACHA ATURNAE

Léiriú.

4.—(1) Sa Chuid seo—

ciallaíonn “gnóthaí”, i ndáil le deontóir cumhachta marthanaí, gnóthaí gnó nó airgeadais de chuid an deontóra;

ciallaíonn “aturnae” deontaí cumhachta marthanaí agus folaíonn sé duine a bheidh ag gníomhú de bhun *alt 5(3)* agus ag comhlíonadh fhorálacha an Achta seo agus rialacháin arna ndéanamh faoi;

ciallaíonn “an chúirt” an Ard-Chúirt;

forléireofar “cumhacht mharthanach” de réir *alt 5(1)*;

ciallaíonn “éagumas meabhrach”, i ndáil le pearsa aonair, é nó í a bheith éagumasach, mar gheall ar riocht meabhrach, ar a mhaoin nó a maoin féin agus a ghnóthaí nó a gnóthaí féin a bhainistiú agus a riaradh agus forléireofar abairtí gaolmhara dá réir sin;

ciallaíonn “an tAire” an tAire Comhionannais agus Athchóirithe Dlí;

ciallaíonn “fógra” fógra i scríbhinn;

ciallaíonn “cinneadh maidir le cúram pearsanta”, i ndáil le deontóir cumhachta marthanaí, cinneadh i dtaobh aon cheann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas;

- (a) an áit ar chóir don deontóir cónaí,
- (b) cé leis nó léi ar chóir don deontóir cónaí,
- (c) cé ba chóir agus nár chóir don deontóir a fheiceáil,
- (d) cén oiliúint ba chóir a chur ar an deontóir nó cén t-athshlánúchán ba chóir a dhéanamh ar an deontóir,
- (e) aiste bia agus éadaí an deontóra,
- (f) iniúchadh ar pháipéir phearsanta an deontóra,
- (g) tithíocht, leas sóisialach agus sochair eile don deontóir;

ciallaíonn “clárú”, i ndáil le cumhacht mharthanach aturnae, clárú faoi *alt 10*, agus forléireofar “cláraithe” dá réir sin.

(2) Is ar mhodh achomair a dhéanfar iarratas nó tarchur chun na cúirte faoin gCuid seo.

(3) Má éiríonn aon cheist faoin gCuid seo i dtaobh cad a bhféadfaí a bheith ag súil leis aon tráth go ndéanfaidh deontóir na cumhachta marthanaí, glacfar leis go raibh an cumas meabhrach sa deontóir déanamh amhlaidh.

5.—(1) Is cumhacht mharthanach de réir bhrí an Achta seo cumhacht aturnae má tá ráiteas ón deontóir san ionstraim lena mbunaítear an chumhacht á rá go mbeartaíonn an deontóir éifeacht a bheith ag an gcumhacht le linn aon éagumas meabhrach a bheidh ar an deontóir dá éis sin agus má chomhlíonann an ionstraim forálacha an ailt seo agus rialacháin arna ndéanamh faoi.

Tréithe cumhachta marthanaí.

(2) Féadfaidh an tAire foráil a dhéanamh le rialacháin i ndáil le gach ceann de na nithe seo a leanas a bhaineann le cumhachtaí marthanacha aturnae:

- (a) a bhfoirm,
- (b) a bhforghníomhú,
- (c) a chinntiú, maidir le haon doiciméad a airbheartaíonn cumhacht mharthanach a bhunú, go bhfuil faisnéis leordhóthanach ann maidir leis an éifeacht atá leis an gcumhacht a bhunú nó a ghlacadh,
- (d) na ráitis seo go léir a leanas a áireamh sa doiciméad—
 - (i) ón deontóir, gur léigh an deontóir an fhaisnéis maidir leis an éifeacht atá leis an gcumhacht a bhunú nó go ndearnadh an fhaisnéis sin a léamh don deontóir,
 - (ii) ó aturnae (nó ó chomhalta d’aicme shonraithe éigin eile daoine), gurb amhlaidh, maidir leis an aturnae nó maidir leis an gcomhalta sin, tar éis an deontóir a chur faoi agallamh agus aon fhiosrúcháin a dhéanamh is gá—
 - (I) gur deimhin leis nó léi gur thuig an deontóir an éifeacht a bhí leis an gcumhacht a bhunú, agus
 - (II) nach bhfuil aon chúis aige nó aici chun a chreidiúint go bhfuil an doiciméad á fhorghníomhú ag an deontóir de thoradh calaoise nó brú míchuí,
 - (iii) ó lia-chleachtóir cláraithe, go raibh, ina thuairim nó ina tuairim, an cumas meabhrach sa deontóir, tráth forghníomhaithe an doiciméid, an éifeacht a bhí leis an gcumhacht a bhunú a thuiscint le cúnaimh cibé mínithe a tugadh don deontóir,
 - (iv) ón aturnae, go dtuigeann an t-aturnae dualgais agus oibleagáidí aturnae agus na ceanglais maidir le clárú faoi *alt 10*,
- (e) an t-aturnae do choimeád cuntas i ndáil le bainistiú agus diúscairt mhaoin an deontóra,

- (f) an luach saothair, más ann, a bheidh le híoc leis an aturnae,
- (g) fianú shíniú an deontóra agus shíniú an aturnae,
- (h) foráil shonrach maidir le cásanna ina gceapfar níos mó ná aturnae amháin,
- (i) an deontóir do thabhairt fógra do dhaoine sonraithe i dtaobh fhorghníomhú na cumhachta, agus
- (j) má dhéantar leis na rialacháin aon rialacháin a rinneadh roimhe sin faoin bhfo-alt seo a leasú nó a chúlghairm, forálacha cosantacha agus idirthréimhseacha.

(3) Féadfaidh deontóir cumhachta marthanaí, sa doiciméad lena mbunaítear an chumhacht, duine sonraithe amháin nó níos mó a cheapadh, is daoine nach bhfuil dícháilithe, chun gníomhú mar aturnae má éagann aturnae arna cheapadh nó arna ceapadh leis an gcumhacht nó mura mbeidh sé nó sí in ann, nó má dhiúltaíonn sé nó sí, gníomhú mar aturnae nó má tá sé nó sí dícháilithe chun déanamh amhlaidh.

(4) Ní fhéadfaidh cumhacht aturnae a bheith ina cumhacht mharthanach mura rud é, maidir leis an aturnae, le linn dó nó di an ionstraim lena mbunaítear an chumhacht a fhorghníomhú—

- (a) (i) gur pearsa aonair é nó í a bhfuil 18 mbliana slánaithe aige nó aici agus nár breithníodh ina fhéimheach nó ina féimheach ná nár ciontaíodh i gcion lenar ghabh calaois nó mímhacántacht ná i gcion in aghaidh phearsa nó mhaoin an deontóra ná nach—

(I) duine a bhfuil dearbhú déanta ina leith faoi alt 150 d'Acht na gCuideachtaí, 1990, nó

(II) duine atá nó a bhí, nó a mheastar nó a measadh a bheith, faoi réir ordú dícháilíochta de bhua Chuid VII den Acht sin,

ná

- (ii) corparáid iontaobhais (de réir bhrí alt 30 den Acht Comharbais, 1965),

agus

- (b) nach úinéir tí banaltrais (cibé acu is teach banaltrais de réir bhrí an Achta Sláinte (Tithe Banaltrais), 1990 é nó nach ea) ina gcónaíonn an deontóir é nó í, ná nach duine a chónaíonn leis an úinéir ná fostaí nó gníomhaire de chuid an úinéara é nó í, mura céile, tuismitheoir, leanbh nó deartháir nó deirfiúr de chuid an deontóra an t-aturnae.

(5) Aon chumhacht aturnae a thugann ceart don aturnae ionadaí nó comharba a cheapadh ní fhéadfaidh sí a bheith ina cumhacht mharthanach.

(6) Faoi réir *fho-alt (8)* agus *ailt 14(3)* agus *14(5)*, cuirfear cumhacht mharthanach ó bhail nó, de réir mar a bheidh, scoirfidh sí de bheith i bhfeidhm ar an aturnae a bhreithníu i bhféimheacht, nó más comhlacht corpraithe an t-aturnae, trína foirceannadh nó trína díscáoileadh nó ar an

aturnae a chiontú i gcion dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(a)(i)* nó do theacht chun bheith—

(a) ina dhuine nó ina duine dá dtagraítear i *gclásal (I)* nó *(II)* *d'fho-alt (4)(a)(i)* nó

(b) ina úinéir nó ina húinéir tí banaltrais nó ina dhuine eile nó ina duine eile dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(b)*,

mura rud é gur aturnae arna cheapadh nó arna ceapadh leis an gcumhacht an t-aturnae agus go bhfuil feidhm ag *fo-alt (3)*.

(7) Aon chumhacht mharthanach i bhfabhar céile, mura bhforáiltear a mhalaire leis an gcumhacht, cuirfear ó bhail í nó, de réir mar a bheidh, scoirfidh sí de bheith i bhfeidhm más rud é, dá éis sin—

(a) go neamhneofar an pósadh faoi dhlí an Stáit nó go neamhneofar nó go ndíscaoilfear é faoi dhlí stáit eile agus nach mbeidh sé bailí ná ar marthain, nó nach mbeidh sé bailí ná ar marthain a thuilleadh, faoi dhlí an Stáit mar gheall ar an neamhniú nó ar an gcolscaradh sin,

(b) go ndéanfaidh cúirt sa Stát foraithe idirscartha bhreithiúnaigh a dheonú do cheachtar céile, nó go ndéanfaidh cúirt lasmuigh den Stát aon fhoraithe a dheonú amhlaidh agus go n-aithneoidh an Stát an fhoraithe sin mar fhoraithe a bhfuil an éifeacht chéanna léi,

(c) go ndéanfar comhaontú i scríbhinn chun idirscaradh idir na céilí, nó

(d) go ndéanfar ordú cosanta, ordú urchoisc eatramhach, ordú urchoisc nó ordú sábháilteachta i gcoinne an aturnae ar iarratas ón deontóir, nó *vice versa*.

(8) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (6)* maidir le cumhacht mharthanach lena n-údaráítear, nó a mhéid a údaráítear léi, d'aturnae cinntí maidir le cúram pearsanta a dhéanamh thar ceann an deontóra mura rud é gur ciontaíodh an t-aturnae i gcion in aghaidh phearsa an deontóra nó go mbeidh sé nó sí tagtha chun bheith ina dhuine nó ina duine a dhícháileofaí chun gníomhú mar aturnae de bhua *fo-alt (4)(b)*.

(9) Cuirfear cumhacht mharthanach ó bhail nó, de réir mar a bheidh, scoirfidh sí de bheith i bhfeidhm ar an gcúirt d'fheidhmiú aon cheann dá cumhachtaí faoin *Lunacy Regulation (Ireland) Act*, 1871, má ordaíonn an chúirt amhlaidh.

(10) Ní bailí d'aon séanadh, cibé acu trí ghníomhas nó ar shlí eile, maidir le cumhacht mharthanach nár cláraíodh faoi *alt 10* mura dtabharfaidh, agus go dtí go dtabharfaidh, an t-aturnae fógra don deontóir ina thaobh.

(11) I *bhfo-alt (4)(b)*, folaíonn “úinéir” duine atá ag bainistiú teach banaltrais nó stiúrthóir (lena n-áirítear cúlstiúrthóir de réir bhrí alt 27 d'Acht na gCuideachtaí, 1990) ar chuideachta a bhfuil teach den sórt sin ar úinéireacht nó á bhainistiú aici nó scairshealbhóir i gcuideachta den sórt sin.

6.—(1) Féadfaidh cumhacht mharthanach údarás ginearálta (mar a mhínítear i *bhfo-alt (2)*) a thabhairt don aturnae gníomhú thar ceann an deontóra i ndáil le maoin agus gnóthaí uile an deontóra nó i ndáil le cuid

Raon údaráis aturnae faoi chumhacht mharthanach.

shonraithe den chéanna nó féadfaidh sí údarás a thabhairt don aturnae nithe sonraithe a dhéanamh thar ceann an deontóra agus féadfar, i gceachtar cás, an t-údarás a thabhairt faoi réir coinníollacha agus srianta.

(2) I gcás go bhfuil sé sainráite go ndéantar le hionstraim údarás ginearálta a thabhairt don aturnae, feidhmíonn an ionstraim chun údarás a thabhairt, faoi réir an tsriain a fhorchuirtear le *fo-alt* (5) agus aon choinníollacha nó srianta san ionstraim, aon ní a dhéanamh thar ceann an deontóra is dleathach don deontóir a dhéanamh trí aturnae.

(3) Faoi réir aon choinníollacha nó srianta san ionstraim, féadfaidh aturnae faoi chumhacht mharthanach, cibé acu ginearálta nó teoranta, aon cheann de na cumhachtaí nó na roghanna atá dílsithe don deontóir mar thionónta saoil de réir bhrí an *Settled Land Act, 1882* a fhorghníomhú nó a fheidhmiú.

(4) Faoi réir aon choinníollacha nó srianta san ionstraim, féadfaidh aturnae faoi chumhacht mharthanach, cibé acu ginearálta nó teoranta, gníomhú a mhéid seo a leanas, agus a mhéid sin amháin, faoin gcumhacht chun leas an aturnae nó chun leasa daoine eile, is é sin le rá, féadfaidh an t-aturnae—

- (a) gníomhú amhlaidh i ndáil leis féin nó léi féin nó i ndáil le haon duine eile más rud é go bhféadfaí a bheith ag súil leis go riarfadh an deontóir ar a riachtanais nó ar riachtanais an duine sin faoi seach; agus
- (b) cibé rud a dhéanamh a bhféadfaí a bheith ag súil leis go ndéanfadh an deontóir chun riaradh ar na riachtanais sin.

(5) Gan dochar *d'fho-alt* (4) ach faoi réir aon choinníollacha nó srianta san ionstraim, féadfaidh aturnae faoi chumhacht mharthanach, cibé acu ginearálta nó teoranta, má dhéantar foráil shonrach chuige sin san ionstraim, maoin an deontóra a dhiúscairt ar mhodh bronntanais a mhéid seo a leanas agus a mhéid sin amháin, is é sin le rá—

- (a) trí bhronntanais de chineál séasúrach a thabhairt nó trí bhronntanais a thabhairt tráth breithe nó pósta, nó cothrom lae breithe nó pósta, do dhaoine (lena n-áirítear an t-aturnae) a bhfuil gaol nó ceangal acu leis an deontóir, agus
- (b) trí bhronntanais a thabhairt d'aon charthanas dár thug an deontóir bronntanais nó a bhféadfaí a bheith ag súil leis go dtabharfadh sé nó sí bronntanais dó,

ar choinníoll nach mbeidh luach gach bronntanais den sórt sin neamhréasúnach ag féachaint do na himthosca go léir agus go háirithe do mhéid shócmhainní an deontóra.

(6) Féadfaidh cumhacht mharthanach freisin údarás a thabhairt don aturnae aon chinneadh nó cinní sonraithe maidir le cúram pearsanta a dhéanamh thar ceann an deontóra.

(7) (a) Aon chinneadh maidir le cúram pearsanta a dhéanfaidh aturnae thar ceann deontóra is le barr leas an deontóra a dhéanfar é.

(b) Le linn a chinneadh cad é barr leas an deontóra, tabharfar aird ar na nithe seo a leanas:

- (i) a mhéid is féidir iad a fháil amach, mianta agus mothúcháin reatha an deontóra agus na mianta a bhí aige nó aici agus na mothúcháin a bhí air nó uirthi cheana agus na tosca

a bhreithneodh an deontóir dá mbeadh sé nó sí in ann déanamh amhlaidh;

(ii) an gá atá ann a cheadú don deontóir a bheith páirteach, agus é nó í a spreagadh chun bheith páirteach, chomh hiomlán agus is féidir, in aon chinneadh a dhéanann difear don deontóir amhlaidh nó feabhas a chur ar an gcumas atá sa deontóir a bheith páirteach amhlaidh;

(iii) a mhéid is indéanta agus is cuí dul i gcomhairle le haon duine de na daoine a luaitear thíos, a dtuairimí i dtaobh mhianta agus mhothúcháin an deontóra agus i dtaobh cad é barr leas an deontóra:

(I) aon duine ar ainmnigh an deontóir é nó í mar dhuine a mbeifear le dul i gcomhairle leis nó léi i dtaobh na nithe sin;

(II) aon duine (cibé acu céile an deontóra, gaol, cara nó duine eile) a bheidh ag gabháil do chúram a thabhairt don deontóir nó ar cás leis nó léi leas an deontóra;

(iv) an féidir an chríoch ar chuici is gá aon chinneadh a bhaint amach chomh héifeachtach céanna ar mhodh nach bhfuil chomh sriantach céanna maidir le saoirse gníomhaíochta an deontóra.

(c) I gcás aon chinneadh maidir le cúram pearsanta a dhéanfaidh aturnae, is leorchomhlíonadh ar *mhir (a)* é má chreideann an t-aturnae le réasún gurb é barr leas an deontóra an ní a chinneadh sé nó sí.

7.—(1) I gcás go mbunóidh pearsa aonair cumhacht mharthanach aturnae—

Cumhacht mharthanach do theacht i bhfeidhm agus do mharthain.

(a) faoi réir *fho-alt (2)* agus *alt 9*, ní thiocfaidh an chumhacht i bhfeidhm go dtí go mbeidh sí cláraithe faoi *alt 10*; agus

(b) ní thabharfaidh éagumas meabhrach an deontóra dá éis sin go mbeidh an chumhacht cúlghairthe.

(2) I gcás go mbeidh iarratas ar an ionstraim a chlárú déanta ag an aturnae ansin, go dtí go gcinneadh an t-iarratas, féadfaidh an t-aturnae gníomh a dhéanamh faoin gcumhacht—

(a) chun an deontóir a chothabháil nó cailteanas d'eastát an deontóra a chosc,

(b) chun an t-aturnae nó daoine eile a chothabháil a mhéid a cheadaítear sin faoi *alt 6(4)*, nó

(c) chun cinneadh maidir le cúram pearsanta a dhéanamh nach féidir le réasún a chur siar go dtí go gcinneadh an t-iarratas.

(3) I gcás go n-airbheartóidh an t-aturnae gníomhú de réir mar a fhoráiltear le *fo-alt (2)* ansin, i bhfabhar duine a dhéileálfaidh leis an aturnae gan a fhios aige nó aici go bhfuil an t-aturnae ag gníomhú ar shlí seachas de réir an fho-ailt sin, beidh an t-idirbheart eatarthu chomh bailí céanna agus a bheadh dá mbeadh an t-aturnae ag gníomhú dá réir.

8.—I gcás go mbeidh cúis ag an gcúirt chun a chreidiúint go bhféadfaidh éagumas meabhrach a bheith, nó a bheith ag teacht, ar dheontóir cumhachta marthanaí agus gurb é tuairim na cúirte gur gá, sula gclárófar an ionstraim

Feidhmeanna na cúirte roimh chlárú.

lena mbunaítear an chumhacht, aon chumhacht a fheidhmiú maidir leis an gcumhacht aturnae nó maidir leis an aturnae a ceapadh chun gníomhú fúithi is cumhacht a thiocfadh chun bheith infheidhmithe faoi *alt 12* ar a chlárú, féadfaidh an chúirt ar iarratas chuici ó aon pháirtí leasmhar an chumhacht sin a fheidhmiú faoin alt seo agus féadfaidh sí déanamh amhlaidh cibé acu a bheidh nó nach mbeidh iarratas déanta ag an aturnae chun na cúirte ar an ionstraim a chlárú.

Iarratas ar chlárú.

9.—(1) Má tá cúis ag an aturnae faoi chumhacht mharthanach chun a chreidiúint go bhfuil éagumas meabhrach ar an deontóir nó ag teacht ar an deontóir, déanfaidh an t-aturnae iarratas chun na cúirte, a luaithe is indéanta, ar an ionstraim lena mbunaítear an chumhacht a chlárú.

(2) Sula ndéanfaidh an t-aturnae an t-iarratas, comhlíonfaidh sé nó sí na forálacha maidir le fógra atá leagtha amach sa *Chéad Sceideal*.

(3) Féadfaidh an t-aturnae, sula ndéanfaidh sé nó sí an t-iarratas, aon cheist maidir le bailíocht na cumhachta a tharchur chun na cúirte lena cinneadh.

(4) Féadfar deimhniú á rá go bhfuil an deontóir éagumasach, nó ag teacht chun bheith éagumasach, mar gheall ar riocht meabhrach, ar a mhaoin nó a maoin féin agus a ghnóthaí nó a gnóthaí féin a bhainistiú agus a riaradh, agus a airbheartóidh a bheith arna shíniú ag lia-chleachtóir cláraithe, a ghlacadh mar fhianaise ar na nithe a bheidh sa deimhniú sin.

(5) Aon duine a dhéanfaidh ráiteas in iarratas ar chlárú is ráiteas is eol dó nó di a bheith bréagach i bponc áirithe dlífeair—

(a) ar é nó í a chiontú ar díotáil, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná dhá bhliain nó fineáil nach mó ná £10,000, nó iad araon, a chur air nó uirthi, agus

(b) ar é nó í a chiontú go hachomair, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná sé mhí nó fineáil nach mó ná £1,000, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(6) Go dtí go ndéanfar foráil eile le rialacha cúirte, déanfar iarratas faoi *fho-alt (1)* a sheoladh chuig Cláraitheoir na gCoimircithe Cúirte.

Clárú.

10.—(1) Ar iarratas ar chlárú a dhéanamh de réir *alt 9*, déanfaidh Cláraitheoir na gCoimircithe Cúirte, mura mbeidh feidhm ag *fo-alt (2)*, an ionstraim lena mbaineann an t-iarratas a chlárú.

(2) Más rud é, i gcás iarratas ar chlárú—

(a) go bhfaighidh an chúirt fógra agóide bailí i gcoinne an chláraithe de bhun *fho-alt (3)*, ó dhuine dár thug aturnae fógra de bhun *mhír 2(1)* den *Chéad Sceideal*, roimh dheireadh na tréimhse cúig seachtaine dar thosach an dáta a tugadh an fógra sin,

(b) gur dealraitheach ón iarratas nach ann d'aon duine dár tugadh fógra faoi *mhír 2* den *Sceideal* sin, nó

(c) go mbeidh cúis ann chun a chreidiúint go bhféadfadh fiosrúcháin chúí fianaise a thabhairt chun solais a bhféadfadh an chúirt a bheith deimhin de gur uirthi a bunaíodh ceann de na forais agóide atá leagtha amach i *bhfo-alt (3)*,

ní chláróidh an chúirt an ionstraim ná ní dhiúltóidh sí an t-iarratas go dtí go mbeidh cibé fiosrúcháin (más ann) is cuí léi in imthosca an cháis déanta aici nó go dtí go gcuirfidh sí faoi deara na fiosrúcháin sin a dhéanamh.

(3) Chun críocha an Achta seo, tá fógra agóide i gcoinne ionstraim a chlárú bailí más ar cheann amháin nó níos mó de na forais seo a leanas a dhéantar an agóid, eadhon—

- (a) nár bhailí don chumhacht a airbheartaítear a bunaíodh leis an ionstraim;
- (b) nach bailí a thuilleadh don chumhacht a bunaíodh leis an ionstraim ná nach bhfuil sí ar marthain a thuilleadh;
- (c) nach bhfuil éagumas meabhrach ar an deontóir ná ag teacht ar an deontóir;
- (d) go bhfuil an t-aturnae, ag féachaint do na himthosca go léir, neamhoiriúnach chun bheith ina aturnae nó ina haturnae don deontóir;
- (e) gur úsáideadh calaois nó brú míchuí chun an deontóir a aslú chun an chumhacht a bhunú.

(4) Féadfaidh an chúirt an t-iarratas a dhiúltú ar aon cheann de na forais agóide atá leagtha amach i *bhfo-alt (3)*.

(5) (a) I gcás gurb éagsúil, i bponc neamhábhartha, foirm nó modh friotail ionstraime leis an bhfoirm a fhorordaítear le rialacháin faoi *alt 5(2)(a)*, déileálfar leis an ionstraim mar ionstraim leordhóthanach maidir le foirm agus friotal.

(b) Féadfaidh an chúirt, d'ainneoin go bhféadfadh sé nach gcomhlíonann ionstraim forálacha *alt 5* nó rialacháin arna ndéanamh faoi, an ionstraim a chlárú mar chumhacht mharthanach más deimhin léi—

- (i) gur bheartaigh an deontóir éifeacht a bheith leis an gcumhacht le linn aon éagumas meabhrach ó thaobh an deontóra,
- (ii) nach de thoradh aon chalaouis nó brú míchuí a forghníomhaíodh an chumhacht,
- (iii) go bhfuil an t-aturnae oiriúnach chun bheith ina aturnae nó ina haturnae don deontóir, agus
- (iv) gurb inmhianaithe ar mhaithe leis an gceartas an ionstraim a chlárú amhlaidh.

(6) Más rud é, an tráth a dhéanfar an t-iarratas ar chlárú, go mbeidh ordú i bhfeidhm faoin *Lunacy Regulation (Ireland) Act, 1871* ag ceapadh cúramaí ar eastát an deontóra ach nach mbeidh an chumhacht a bunaíodh leis an ionstraim arna cúlghairm freisin, déanfaidh an chúirt cibé ordú is cuí léi sna himthosca lena n-áirítear, más cuí, ordú ag cúlghairm an ordaithe a rinneadh cheana faoin Acht sin.

11.—(1) Is é is éifeacht d'ionstraim a chlárú—

- (a) nach bailí d'aon chúlghairm a dhéanfaidh an deontóir ar an gcumhacht mura daingneoidh, agus go dtí go ndaingneoidh, an chúirt an chúlghairm faoi *alt 12(3)*;

An éifeacht a bheidh ag clárú agus cruthúnas ar chlárú.

(b) nach bailí d'aon séanadh ar an gcumhacht ach amháin iar bhfógra don deontóir agus le toiliú na cúirte;

(c) nach bhféadfaidh an deontóir raon an údaráis a tugadh leis an ionstraim a leathnú ná a shrianadh agus nach ndéanfar, le haon toiliú nó teagasc a thabharfaidh an deontóir tar éis an chláráithe, i gcás toiliú, aon cheart a thabhairt don aturnae nó do dhaoine eile a bhfuil fógra acu i dtaobh an toilithe agus, i gcás teagaisc, aon oibleagáid a chur ar an aturnae nó ar dhaoine eile a bhfuil fógra acu i dtaobh an teagaisc ná aon cheart a thabhairt dó nó di nó dóibh ná aon dliteanas dá chuid nó dá cuid nó dá gcuid a bhunú.

(2) Beidh feidhm ag *fo-alt (1)* fad a bheidh an ionstraim cláraithe cibé acu a bheidh an deontóir cumasach ó thaobh meabhrach de thuras na huaire nó nach mbeidh.

(3) Ar chumhacht mharthanach a chlárú, déanfaidh Cláraitheoir na gCoimircithe Cúirte cóip fhianaithe den chumhacht mharthanach a sholáthar don deontóir agus d'aon daoine dár tugadh fógra faoi *mhír 2* den *Chéad Sceideal* i dtaobh an iarratais ar chlárú.

(4) Féadfaidh daoine den phobal an clár a iniúchadh saor in aisce le linn gnáthuaireanta oifige.

(5) Aon doiciméad a airbheartóidh a bheith ina chóip, arna fianú ag oifigeach d'Oifig na gCoimircithe Cúirte, d'ionstraim arna clárú faoin Acht seo is fianaise é ar ábhar na hionstraime agus gur cláraíodh í amhlaidh.

(6) Is fo-alt gan dochar *d'alt 21* (cruthúnas trí chóipeanna fianaithe) ná d'aon mhodh cruthúnais eile atá údaraithe le dlí *fo-alt (5)*.

Feidhmeanna na cúirte maidir le cumhacht chláráithe.

12.—(1) I gcás go mbeidh ionstraim arna clárú, beidh ag an gcúirt, ar iarratas chuici ón deontóir, ón aturnae nó ó aon pháirtí leasmhar eile, de réir mar a bheidh, na feidhmeanna atá leagtha amach i *bhfo-ailt (2)* go *(6)*.

(2) Féadfaidh an chúirt—

(a) aon cheist maidir le brí nó éifeacht na hionstraime a chinneadh;

(b) treoruithe a thabhairt maidir leis na nithe seo a leanas—

(i) an t-aturnae do bhainistiú nó do dhiúscairt mhaoin agus ghnóthaí an deontóra;

(ii) an t-aturnae do thabhairt cuntas agus na taifid a bheidh á gcoimeád ag an aturnae chun na críche sin a thabhairt ar aird;

(iii) luach saothair nó caiteachais an aturnae, cibé acu de mhainneachtain aon fhoráil arna déanamh leis an ionstraim nó de réir an chéanna, lena n-áirítear treoruithe chun luach saothair iomarcach a aisíoc nó luach saothair breise a íoc;

(iv) cinneadh maidir le cúram pearsanta a bheidh déanta nó le déanamh ag an aturnae;

(c) a cheangal ar an aturnae faisnéis a thabhairt nó doiciméid nó nithe ina sheilbh nó ina seilbh mar aturnae a thabhairt ar aird;

- (d) aon toiliú nó údarú chun gníomhú a thabhairt a mbeadh ar an aturnae é a fháil ó dheontóir a bheadh cumasach ó thaobh meabhrach;
- (e) a údarú don aturnae gníomhú chun leas an aturnae féin nó chun leasa daoine eile seachas an deontóir, seachas de réir *alt 6(4)* agus *(5)* (ach sin faoi réir aon choinníollacha nó srianta san ionstraim);
- (f) i gcás gur cuí é, an t-aturnae a shaoradh go hiomlán nó go páirteach ó aon dhliteanas a bheidh tabhaithe nó a fhéadfadh a bheith tabhaithe mar gheall ar shárú dualgais mar aturnae.

(3) Ar iarratas iar bhfógra don aturnae arna dhéanamh chun na críche ag an deontóir nó thar ceann an deontóra, daingneoidh an chúirt cúlghairm na cumhachta más deimhin léi go ndearna an deontóir cibé ní is gá faoin dlí chun cúlghairm shainráite a dhéanamh ar an gcumhacht agus go raibh cumas meabhrach ann cumhacht aturnae a chúlghairm tráth na cúlghairme airbheartaithe.

(4) Féadfaidh an chúirt clárú ionstraime a chealú in aon cheann de na himthosca seo a leanas, is é sin le rá—

- (a) ar chúlghairm na cumhachta a dhaingniú faoi *fho-alt (3)* nó ar thoiliú le séanadh faoi *alt 11(1)(b)*;
- (b) ar threorú a thabhairt ag cúlghairm na cumhachta ar aon cheann dá cumhachtaí faoin *Lunacy Regulation (Ireland) Act, 1871* a fheidhmiú;
- (c) ar bheith deimhin de go bhfuil an deontóir, agus gur dóigh go leanfaidh sé nó sí de bheith, cumasach ó thaobh meabhrach;
- (d) ar bheith deimhin de gur scoir an chumhacht de bheith i bhfeidhm trí bhás an deontóra nó tríd an deontóir a bhreithniú ina fhéimheach nó ina féimheach nó de bhua *fho-alt (7)* nó *(9) d'alt 5* nó trí bhás an aturnae nó tríd an aturnae a bheith éagumasach ó thaobh meabhrach nó de bhua *alt 5(6)*;
- (e) ar bheith deimhin de nár chumhacht mharthanach a bhí bailí agus ar marthain an chumhacht nuair a rinneadh an clárú;
- (f) ar bheith deimhin de, ag féachaint do na himthosca go léir, go bhfuil an t-aturnae neamhoiriúnach chun bheith ina aturnae nó ina haturnae don deontóir;
- (g) ar bheith deimhin de gur úsáideadh calaois nó brú míchuí chun an deontóir a aslú chun an chumhacht a bhunú; nó
- (h) ar aon chúis mhaith dhóthanach eile.

(5) I gcás go gcealóidh an chúirt clárú ionstraime ar bheith deimhin de i dtaobh na nithe a shonraítear i *mír (f)* nó *(g) d'fho-alt (4)*, déanfaidh sí le hordú an chumhacht a bhunaítear leis an ionstraim a chúlghairm.

(6) Ar chlárú ionstraime a chealú faoi *fho-alt (4)* (seachas *mír (c)*), déanfar an ionstraim a sheachadadh lena cealú, mura n-ordóidh an chúirt a mhalairt.

13.—(1) Beidh feidhm ag *fo-ailt (2)* agus *(3)* i gcás ionstraim a bheith cláraithe nár bunaíodh cumhacht mharthanach bhailí léi, cibé acu a cealaíodh an clárú tráth an ghnímh nó an idirbhirt a bhí i gceist nó nár cealaíodh.

Aturnae agus tríú pearsa a chosaint i gcás cumhacht chláraithe a bheith neamhbhailí nó gan bheith i bhfeidhm.

(2) Aon aturnae a ghníomhóidh de bhun cumhacht mharthanach nach cumhacht bhailí, nó nach cumhacht bhailí a thuilleadh, nó a scoir de bheith i bhfeidhm, ní thabhoídh sé nó sí aon dliteanas tríd sin (i leith an deontóra ná i leith aon duine eile) mura rud é, an tráth a ghníomhóidh an t-aturnae, gurb eol dó nó di—

- (a) nár bunaíodh cumhacht mharthanach bhailí leis an ionstraim; nó
- (b) gur tharla teagmhas a chuirfeadh an chumhacht ó bhail, nó a chuirfeadh faoi deara í do scor de bheith i bhfeidhm, dá mbunófaí cumhacht mharthanach bhailí leis an ionstraim; nó
- (c) gur cealaíodh an ionstraim.

(3) Aon idirbheart idir an t-aturnae agus duine eile beidh sé, i bhfabhar an duine sin, chomh bailí agus a bheadh dá mba ann don chumhacht an tráth sin, mura rud é, tráth an idirbhirt, go bhfuil eolas ag an duine sin ar aon cheann de na nithe a luaitear i *bhfo-alt (2)*.

(4) I gcás go mbeidh leas ceannaitheora ag brath ar an raibh idirbheart idir an t-aturnae agus duine eile bailí de bhua *fho-alt (3)*, toimhdeofar i bhfabhar an cheannaitheora, mura suífear a mhalairt, go raibh an t-idirbheart bailí más rud é—

- (a) gur críochnaíodh an t-idirbheart idir an duine sin agus an t-aturnae laistigh de dhá mhí dhéag ón dáta a cláraíodh an ionstraim; nó
- (b) go ndéanfaidh an duine sin dearbhú reachtúil, sula gcríochnófar an ceannach nó laistigh de thrí mhí tar éis é a chríochnú, nach raibh aon chúis aige nó aici tráth an idirbhirt amhras a bheith air nó uirthi go raibh údarás ag an aturnae chun an mhaoín ab ábhar don idirbheart a dhiúscairt.

(5) Chun críocha *alt 18* (aturnae agus tríú páirtithe a chosaint i gcás go ndéanfar beart faoi chumhacht aturnae i ngan fhios ar í a bheith arna cúlghairm) i dtaca leis an bhfeidhm atá aige maidir le cumhacht mharthanach a bhfuil a cúlghairm ag an deontóir neamhbhailí de bhua *alt 11(1)(a)* mura daingneoidh, agus go dtí go ndaingneoidh, an chúirt í le hordú faoi *alt 12(3)*, beidh eolas gur daingníodh an cúlghairm, ach ní bheidh eolas ar an gcúlghairm nár daingníodh, ina eolas gur cúlghaireadh an chumhacht.

(6) San alt seo, tá le “ceannaitheoir” an bhrí chéanna a thugtar dó le *halt 18(6)* agus forléireofar “ceannach” dá réir sin.

Feidhm maidir le comhaturnaetha agus comhaturnaetha leithleacha.

14.—(1) Féadfar le hionstraim lena gceapfar níos mó ná duine amháin chun bheith ina aturnae nó ina haturnae a shonrú go gceaptar na haturnaetha chun gníomhú i gcomhpháirt nó i gcomhpháirt agus go leithleach. Dá éagmais sin, measfar na haturnaetha a bheith ceaptha chun gníomhú i gcomhpháirt.

(2) I dtaca leis an bhfeidhm atá aige maidir le comhaturnaetha, tá feidhm ag an Acht seo maidir leo le chéile mar atá feidhm aige maidir le haturnaetha aonair, ach sin faoi réir na modhnuithe a shonraítear i *bhfo-alt (3)* agus i *gCuid I den Dara Sceideal*.

(3) I gcás go gceapfar beirt nó níos mó daoine (nó go measfar iad a bheith ceaptha) chun gníomhú i gcomhpháirt, ansin, i gcás aon duine amháin nó níos mó díobh d’fháil bháis nó do theacht chun bheith éagumasach nó dícháilithe, féadfaidh an t-aturnae nó na haturnaetha a bheidh fágtha leanúint de ghníomhú, cibé acu ina aonar nó ina haonar nó ina n-aonar nó i

gcomhpháirt de réir mar a bheidh, mura bhforáiltear a mhalairt go sainráite leis an ionstraim lena mbunaítear an chumhacht.

(4) I dtaca leis an bhfeidhm atá aige maidir le comhaturnaetha leithleacha, tá feidhm ag an Acht seo fairis na modhnuithe a shonraítear i *bhfo-ailt* (5) go (8) agus i *gCuid II* den *Dara Sceideal*.

(5) Aon mhainneachtain, maidir le haon aturnae eile, forálacha *alt 5*, agus rialacháin arna ndéanamh faoi, a chomhlíonadh, cuirfidh sí cosc le feidhm na hionstraime i gcás an aturnae sin, ach sin gan difear a dhéanamh d'éifeachtacht na hionstraime maidir leis an aturnae eile nó na haturnaetha eile.

(6) Más rud é, maidir le haturnae amháin nó níos mó, ach ní maidir leis an mbeirt aturnaetha nó na haturnaetha go léir, go ndéanfaidh sé nó sí nó siad iarratas, nó go n-uamfaidh sé nó sí nó siad chun iarratas a dhéanamh, ar an ionstraim a chlárú, ansin—

- (a) féadfaidh aturnae nach iarratasóir, chomh maith le haturnae is iarratasóir, gníomhú go dtí go gcinnfear an t-iarratas mar a fhoráiltear le *halt 7(2)*(nó faoi *alt 8*);
- (b) déanfar fógra i dtaobh an iarratais a thabhairt freisin faoin *gCéad Sceideal* don aturnae eile nó do na haturnaetha eile; agus
- (c) féadfar agóid in aghaidh an chláráithe a dhéanamh go bailí ar fhoras a bhaineann le haturnae nó le cumhacht aturnae nach iarratasóir chomh maith le haturnae nó cumhacht aturnae is iarratasóir.

(7) Ní dhiúltóidh an chúirt faoi *alt 10(4)* ionstraim a chlárú de bhrí gur bunaíodh foras agóide i gcoinne aturnae nó cumhachta má tá cumhacht mharthanach ar marthain maidir le haturnae nach ndéantar difear dó nó di leis sin ach tabharfaidh sí éifeacht di trí cháiliú forordaithe an chláráithe.

(8) Ní chealóidh an chúirt clárú ionstraime faoi *alt 12(4)* in aon cheann de na himthosca a shonraítear san *fho-alt* sin má tá cumhacht mharthanach ar marthain maidir le haturnae nach ndéantar difear dó nó di leis sin ach tabharfaidh sí éifeacht di trí cháiliú forordaithe an chláráithe.

(9) San alt seo—

ciallaíonn “forordaithe” forordaithe le rialacha cúirte; agus

ciallaíonn “na ceanglais chun cumhachtaí marthanacha a bhunú” forálacha *alt 5* seachas *fo-ailt* (5) go (10) agus forálacha rialachán faoi *fho-alt* (2) den alt sin.

CUID III

CUMHACHTAÍ ATURNAE I GCOITINNE

15.—(1) I gcás go mbeidh ionstraim lena mbunaítear cumhacht aturnae arna síniú faoi threorú an deontóra, déanfar í a shíniú i láthair an deontóra agus i láthair duine eile, agus fianóidh an duine eile sin an ionstraim mar fhinné. Cumhacht a bhunú.

(2) Ní cheanglaítear cumhacht aturnae a dhéanamh faoi shéala.

(3) Ní dochar an t-alt seo d'aon cheanglas in aon achtachán eile, nó faoi aon achtachán eile, maidir le cumhachtaí aturnae a fhianú nó maidir le comhlachtaí corpraithe d'fhorghníomhú ionstraimí.

Éifeacht cumhachta ginearálta i bhfoirm shonraithe.

16.—(1) Aon chumhacht ghinearálta aturnae san fhoirm a leagtar amach sa *Triú Sceideal*, nó i bhfoirm a mbeidh an éifeacht chéanna léi, a bheidh sainráite a bheith arna déanamh faoin Acht seo, oibreoidh sí chun an t-údarás a thabhairt do dheontaí, nó do dheontaithe, na cumhachta, ag gníomhú de réir a téarmaí, aon ní is féidir leis an deontóir a dhéanamh go dleathach a dhéanamh thar ceann an deontóra.

(2) Níl feidhm ag an alt seo maidir le feidhmeanna atá ag an deontóir mar iontaobhaí nó ionadaí pearsanta nó mar thionónta saoil de réir bhrí an *Settled Land Act*, 1882, nó mar iontaobhaí nó duine eile a bheidh ag feidhmiú cumhachtaí tionónta saoil faoi alt 60 den Acht sin.

Deontaí cumhachta d'fhorghníomhú ionstraimí, etc.

17.—(1) Féadfaidh deontaí cumhachta aturnae—

(a) aon ionstraim a fhorghníomhú lena shíniú nó lena síniú féin agus, i gcás go gceanglaítear í a shéalú, lena shéala nó lena séala féin, agus

(b) aon ní eile a dhéanamh ina ainm nó ina hainm féin,

le húdarás dheontóir na cumhachta; agus aon ionstraim a fhorghníomhófar nó aon ní a dhéanfar ar an modh sin beidh sí nó sé chomh héifeachtach agus a bheadh dá mba le síniú agus séala dheontóir na cumhachta, nó, de réir mar a bheidh, dá mba in ainm dheontóir na cumhachta, a d'fhorghníomhaigh an deontaí an í nó a rinne an deontaí é.

(2) Aon duine a bheidh údaraithe faoi chumhacht aturnae chun aon eastát nó leas i maoin a thíolacadh in ainm corparáide aonair nó ilchorparáide, nó thar a ceann, féadfaidh sé nó sí an tíolacas a fhorghníomhú mar a fhoráiltear i *bhfo-alt (1)* nó, mar dheontaí na cumhachta, an tíolacas a fhorghníomhú trína ainm nó trína hainm a shíniú mar dhuine a bheidh ag gníomhú in ainm nó thar ceann na corparáide i láthair finné amháin ar a laghad agus, i gcás gníomhais, trína shéala féin nó trína séala féin a ghreamú, agus tiocfaidh an forghníomhú sin in éifeacht agus beidh sé bailí ionann is dá mba í an chorparáid a d'fhorghníomhaigh an tíolacas.

(3) I gcás ilchorparáid a bheith údaraithe faoi chumhacht aturnae chun aon leas i maoin a thíolacadh in ainm nó thar ceann aon duine eile (lena n-áirítear comhlacht corpraithe eile), féadfaidh duine a bheidh ceaptha chuige sin ag an ilchorparáid an gníomhas nó an ionstraim eile a fhorghníomhú in ainm an duine eile sin; agus i gcás gur dealraitheach maidir le hionstraim gur duine arna cheapadh nó arna ceapadh amhlaidh a d'fhorghníomhaigh í, ansin, i bhfabhar ceannaitheora, measfar an ionstraim a bheith forghníomhaithe ag an duine sin, mura suífead a mhalairt.

(4) San alt seo, tá le “ceannaitheoir” an bhrí a thugtar dó le *halt 18(6)*.

(5) Tá feidhm ag an alt seo cibé tráth a bunaíodh an chumhacht aturnae.

Deontaí agus daoine eile a chosaint i gcás go mbeidh cumhacht arna cúlghairm.

18.—(1) Aon deontaí cumhachta aturnae a ghníomhóidh de bhun na cumhachta tráth a bheidh sí arna cúlghairm ní thabhóidh sé nó sí an dliteanas (don deontaí ná d'aon duine eile) mar gheall ar an gcúlghairm más rud é nárbh eol don deontaí an tráth sin go raibh an chumhacht arna cúlghairm.

(2) I gcás go mbeidh cumhacht aturnae arna cúlghairm agus go ndéileálfadh duine le deontaí na cumhachta gan a fhios aige nó aici go ndearnadh an cúlghairm, beidh an t-idirbheart eatarthu, i bhfabhar an

duine sin, chomh bailí agus a bheadh dá mbeadh an chumhacht i bhfeidhm an tráth sin.

(3) I gcás go mbeidh sé sainráite san ionstraim lena mbunaítear an chumhacht gur cumhacht neamh-inchúlghairthe an chumhacht agus go bhfuil sí le tabhairt ar mhodh urrúis ansin, murab eol don duine a bheidh ag déileáil leis an deontáí nach ar mhodh urrúis a tugadh í iarbhir, beidh an duine sin i dteideal glacadh leis nach féidir ach leis an deontóir, ag gníomhú le toiliú an deontáí, an chumhacht a chúlghairm agus ní dhéileálfar leis nó léi dá réir sin, chun críocha *fho-alt (2)*, mar dhuine arb eol dó nó di go ndearnadh an chúlghairm murab eol dó nó di go bhfuil sí arna cúlghairm ar an modh sin.

(4) I gcás go mbeidh leas ceannaitheora ag brath ar an raibh idirbheart idir deontóir cumhachta aturnae agus duine eile bailí de bhua *fho-alt (2)*, toimhdeofar i bhfabhar an cheannaitheora, mura suífear a mhalairt, nárbh eol don duine sin an tráth ábhartha gur cúlghaireadh an chumhacht más rud é—

- (a) gur críochnaíodh an t-idirbheart idir an duine sin agus an deontáí laistigh de dhá mhí dhéag ón dáta a tháinig an chumhacht i ngníomh, nó
- (b) go ndéanfaidh an duine sin dearbhú reachtúil, sula geríochnófar an ceannach nó laistigh de thrí mhí tar éis é a chríochnú, nárbh eol don duine sin an tráth ábhartha gur cúlghaireadh an chumhacht.

(5) Gan dochar *d'fho-alt (3)*, chun críocha an ailt seo, folaíonn eolas gur cúlghaireadh cumhacht aturnae eolas gur tharla aon teagmhas (ar nós an deontóir d'fháil bháis) a bhfuil d'éifeacht leis go gcúlghairtear an chumhacht.

(6) San alt seo, ciallaíonn “ceannaitheoir” duine a cheannaíonn de mheon macánta ar chomaoin luachmhar agus folaíonn sé léasaí, morgáistí nó duine eile a fhaigheann leas in aon mhaoin ar chomaoin luachmhar; agus folaíonn sé freisin duine a bhfuil ar intinn aige nó aici ceannach.

(7) Tá feidhm ag an alt seo maidir le cumhacht aturnae cibé tráth a bunaíodh í ach níl feidhm aige maidir le gníomhartha agus idirbhearta ach amháin tar éis thosach feidhme an ailt seo.

19.—(1) Gan dochar *d'alt 18*, más rud é—

- (a) go bhforghníomhóidh deontáí cumhachta aturnae, mar aistreoir, ionstraim lena n-aistreofar urrúis chláráithe, agus
- (b) go bhforghníomhófar an ionstraim chun críoch idirbhirt stocmhalartáin,

Aistrí faoi idirbheart stocmhalartáin a chosaint.

measfar, i bhfabhar an aistrí, mura suífear a mhalairt, nach raibh an chumhacht arna cúlghairm ar dháta na hionstraime má dhéanann deontáí na cumhachta dearbhú reachtúil á rá sin ar an dáta sin nó laistigh de thrí mhí tar éis an dáta sin.

(2) San alt seo, tá le “urrúis chláráithe” an bhrí chéanna atá leis, agus tá le “idirbheart stocmhalartáin” an bhrí chéanna atá le “idirbheart stocmhargaidh”, san Acht um Aistriú Stoic, 1963.

20.—(1) I gcás go mbeidh sé sainráite gur cumhacht neamh-inchúlghairthe cumhacht aturnae agus go dtabharfar an chumhacht aturnae sin chun aon cheann díobh seo a leanas a urrú—

Cumhacht a thabharfar mar urrúis.

(a) leas dílseánaigh de chuid dheontáí na cumhachta, nó

(b) feidhmiú oibleagáide a dhlítear don deontáí,

ansin, fad a bheidh an leas sin ag an deontáí, nó fad a bheidh an oibleagáid gan urscaoileadh, maidir leis an gcumhacht—

(i) ní chúlghairfidh an deontóir í gan toiliú an deontáí, ná

(ii) ní chúlghairfear í trí bhás, éagumas nó féimheacht an deontóra nó, más comhlacht corpraithe an deontóir, trí fhoirceannadh nó díscáoileadh an deontóra.

(2) Aon chumhacht aturnae a thabharfar chun leas dílseánaigh a urrú féadfar í a thabhairt, agus measfar gurbh fhéidir riamh í a thabhairt, don duine atá i dteideal an leasa agus do dhaoine a fhaigheann teideal faoin duine sin chun an leasa sin, agus is deontaithe de chuid na cumhachta arna gcomhdhéanamh go cuí na daoine sin chun gach ceann de chríocha na cumhachta, ach sin gan dochar d'aon cheart chun ionadaigh a cheapadh a thabharfar leis an gcumhacht.

(3) Tá feidhm ag an alt seo maidir le cumhachtaí aturnae cibé tráth a bunaíodh iad.

Cruthúnas ar an ionstraim lena mbunaítear cumhacht.

21.—(1) Féadfar cumhacht aturnae a chruthú tríd an ionstraim bhunaidh a thabhairt ar aird nó trí chóip a thabhairt ar aird—

(a) is cóip a bheidh deimhnithe ag deontóir na cumhachta nó ag aturnae nó ballghnólacht (de réir bhrí an Achta um Stocmhalartáin, 1995), nó ar cibé modh eile a cheadóidh an chúirt, a bheith ina cóip dhílis den ionstraim bhunaidh, nó

(b) i gcás go mbeidh an ionstraim arna taisceadh i bPríomh-Oifig na hArd-Chúirte de bhun *alt 22*, is cóip a bheidh fianaithe de réir an ailt sin.

(2) Is cuma chun críocha *fho-alt (1)* cé mhéad céim a bheidh idir an chóip agus an ionstraim bhunaidh agus cén tslí (agus féadfaidh tarchur macasamhlach a bheith san áireamh) a ndearnadh an chóip a thabharfar ar aird nó aon chóip idir eatarthu.

(3) Ní dochar an t-alt seo d'aon mhodh cruthúnais eile atá údaraithe le dlí.

Ionstraimí bunaidh a thaisceadh sa Phríomh-Oifig.

22.—(1) Féadfar ionstraim lena mbunaítear cumhacht aturnae, agus a bhfioraítear a forghníomhú le mionnscríbhinn, dearbhú reachtúil nó fianaise leordhóthanach eile, a thaisceadh, fairis an mionnscríbhinn nó fairis an dearbhú, más ann, i bPríomh-Oifig na hArd-Chúirte.

(2) Coimeádfar comhad ar leithligh d'ionstraimí arna dtaisceadh amhlaidh agus féadfaidh aon duine an comhad sin a chuardach saor in aisce le linn gnáthuaireanta oifige agus aon ionstraim arna taisceadh amhlaidh a iniúchadh, agus seachadfar cóip fhianaithe den ionstraim sin ar an duine sin ar í a iarraidh.

(3) Féadfar cóip d'ionstraim arna taisceadh amhlaidh a thíolacadh ag an bPríomh-Oifig, agus féadfar í a stampáil nó a mharcáil mar chóip fhianaithe, agus, nuair a dhéanfar í a stampáil nó a mharcáil amhlaidh, tiocfaidh sí chun bheith, agus beidh sí, ina cóip fhianaithe.

(4) Aon chóip fhianaithe d'ionstraim arna taisceadh amhlaidh is fianaise leordhóthanach í, gan a thuilleadh cruthúnais, ar ábhar na hionstraime agus gur taisceadh í sa Phríomh-Oifig.

(5) Tá feidhm ag *fo-ailt (2)* go *(4)* maidir le hionstraimí a bheidh taiscthe sa Phríomh-Oifig roimh thosach feidhme an ailt seo.

(6) Tá feidhm ag an alt seo maidir le hionstraimí lena mbunaítear cumhachtaí aturnae cibé tráth a forghníomhaíodh iad.

23.—Beidh aon duine a cheannóidh aon eastát nó leas i dtalamh i dteideal a chur faoi deara an díoltóir do thabhairt aon ionstraim lena mbunaítear cumhacht aturnae lena ndéantar difear don teideal chun an chéanna, nó cóip dheimhnithe nó cóip fhianaithe den ionstraim sin, don cheannaitheoir saor ó chaiteachas.

Cumhacht maidir le talamh a thabhairt do cheannaitheoir.

CUID IV

ILGHNÉITHEACH

24.—Gach ordú agus rialachán a dhéanfar faoin Acht seo leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den lá is fiche a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú nó an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe nó an rialacháin, beidh an t-ordú nó an rialachán ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú nó faoin rialachán.

Orduithe agus rialacháin a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

25.—Déantar leis seo gach achtachán a shonraítear sa *Cheathrú Sceideal* a aisghairm a mhéid a shonraítear sa *tríú colún* den Sceideal sin.

Aisghairm.

AN CHÉAD SCEIDEAL

Ailt 9, 10, 14.

FÓGRA ROIMH CHLÁRÚ

CUID I

Dualgas Fógra a thabhairt don Deontóir agus do Dhaoine Eile

Dualgas Fógra a thabhairt don Deontóir

1. (1) Faoi réir *fhomhír (2)*, sula ndéanfaidh sé nó sí iarratas ar chlárú tabharfaidh an t-aturnae fógra don deontóir á rá go mbeartaíonn sé nó sí déanamh amhlaidh.

(2) Beidh feidhm ag *mír 4(2)* i ndáil leis an deontóir mar atá feidhm aici i ndáil le duine atá i dteideal fógra a fháil faoin Sceideal seo.

Dualgas Fógra a thabhairt do Dhaoine Eile

2. (1) Faoi réir *mhír 4*—

(a) má ceanglaíodh le rialacháin faoi *alt 5(2)* aird daoine sonraithe a tharraingt ar fhógra i dtaobh cumhacht aturnae mharthanach a fhorghníomhú, déanfaidh an t-aturnae, sula ndéanfaidh sé nó sí iarratas ar chlárú, fógra á rá go mbeartaíonn sé nó sí déanamh amhlaidh a thabhairt do na daoine sin;

- (b) más rud é go bhfuil aon duine de na daoine sin éagtha nó go bhfuil éagumas meabhrach air nó uirthi nó nach féidir le réasún a fháil amach cá bhfuil sé nó sí, déanfaidh an t-aturnae fógra á rá go mbeartaíonn sé nó sí iarratas den sórt sin a dhéanamh a thabhairt don duine eile nó do na daoine eile, agus
- (c) más rud é go bhfuil na daoine sin go léir éagtha nó go bhfuil éagumas meabhrach orthu nó nach féidir le réasún a fháil amach cá bhfuil siad, déanfaidh an t-aturnae, sula ndéanfaidh sé nó sí iarratas den sórt sin, fógra á rá go mbeartaíonn sé nó sí déanamh amhlaidh a thabhairt do na daoine (más ann) atá i dteideal fógra a fháil de bhua *mhír 3*.

(2) Le linn fógra a thabhairt de bhun *fhomhír (1)*, tabharfaidh an t-aturnae fógra do Chláraitheoir na gCoimircithe Cúirte freisin á rá go mbeartaíonn sé nó sí iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar an gcumhacht mharthanach a chlárú.

3. (1) Faoi réir na dteorainneacha i *bhfo-ailt (2)* go *(4)*, tá daoine de na haicmí seo a leanas i dteideal fógra a fháil faoi *mhír 2(1)(c)*:

- (a) fearchéile nó banchéile an deontóra;
- (b) leanaí an deontóra;
- (c) tuismitheoirí an deontóra;
- (d) deartháireacha agus deirfiúracha an deontóra, cibé acu iad a bheith lánghaolmhar nó leasghaolmhar don deontóir;
- (e) baintreach nó baintreach fir linbh de chuid an deontóra;
- (f) garleanaí an deontóra;
- (g) leanaí dheartháireacha agus dheirfiúracha lánghaolmhara an deontóra;
- (h) leanaí dheartháireacha agus dheirfiúracha leasghaolmhara an deontóra.

(2) Níl duine i dteideal fógra a fháil faoin mír seo murab eol don aturnae ainm nó seoladh an duine sin agus mura féidir leis an aturnae le réasún é a fháil amach.

(3) Ach amháin i gcás go bhfuil feidhm ag *fomhír (4)*, níl níos mó ná triúr i dteideal fógra a fháil de bhua na míre seo agus, le linn na daoine atá ina theideal sin a chinneadh, tabharfar tosaíocht do dhaoine in *aicme (a) d'fhomhír (1)* thar dhaoine in *aicme (b)* den *fhomhír* sin, tabharfar tosaíocht do dhaoine in *aicme (b)* thar dhaoine in *aicme (c)* den *fhomhír* sin; agus mar sin de.

(4) D'ainneoin na teorann de thriúr a shonraítear i *bhfomhír (3)*, más rud é—

- (a) go mbeidh níos mó ná duine amháin in aon cheann *d'aicmí (a)* go *(h) d'fhomhír (1)*, agus
- (b) go mbeadh duine amháin ar a laghad de na daoine sin i dteideal fógra a fháil de bhua na míre seo,

ansin, faoi réir *fhomhír (2)*, tá na daoine go léir san aicme sin i dteideal fógra a fháil de bhua na míre seo

4. (1) Ní bheidh ceangal ar aturnae fógra a thabhairt faoi *mhír 2* dó féin nó di féin ná d'aon aturnae eile faoin gcumhacht atá ag uamadh leis an iarratas a dhéanamh, d'ainneoin go bhfuil sé nó sí nó, de réir mar a bheidh, an t-aturnae eile i dteideal fógra a fháil de bhua *mhír 3*.

(2) I gcás aon duine atá i dteideal fógra a fháil faoin Sceideal seo, féadfaidh an t-aturnae, sula ndéanfaidh sé nó sí iarratas ar chlárú, iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar a shaoradh nó a saoradh ón gceanglas fógra a thabhairt don duine sin; agus féadfaidh an chúirt an t-iarratas a dheonú más deimhin léi—

(a) gur neamh-inmhianaithe nó gur dhodhéanta don aturnae an fógra sin a thabhairt; nó

(b) gur dócha nárbh aon mhaith é a thabhairt.

CUID II

Ábhar Fógrai

5. Maidir le fógra don deontóir faoin Sceideal seo—

(a) is san fhoirm fhorordaithe nó i bhfoirm a mbeidh an éifeacht chéanna léi a bheidh sé;

(b) luafar ann go mbeartaíonn an t-aturnae iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar an ionstraim lena mbunaítear an chumhacht mharthanach lena mbaineann a chlárú; agus

(c) cuirfear in iúl ann don deontóir go mbeidh aon chúlghairm a dhéanfaidh an deontóir ar an gcumhacht gan éifeacht le linn don ionstraim leanúint de bheith cláraithe mura ndaingneoidh, agus go dtí go ndaingneoidh, an chúirt an chúlghairm.

6. Maidir le fógra d'aon duine eile faoin Sceideal seo—

(a) is san fhoirm fhorordaithe nó i bhfoirm a mbeidh an éifeacht chéanna léi a bheidh sé;

(b) beidh an ráiteas a luaitear i *mir 5(b)* ann;

(c) cuirfear in iúl ann don duine dá dtabharfar é go bhféadfaidh an duine sin agóid a dhéanamh i gcoinne an chláraithe bheartaithe trí fhógra i scríbhinn chuig Cláraitheoir na gCoimircithe Cúirte sula n-éagfaidh an tréimhse cúig seachtaine dar thosach an lá a tugadh an fógra faoin Sceideal seo amhlaidh; agus

(d) sonrúfar ann, mar na forais ar ar féidir agóid a dhéanamh in aghaidh clárú, na forais atá leagtha amach in *alt 10(3)*.

7. Sa Chuid seo, ciallaíonn “forordaithe” forordaithe le rialacháin a dhéanfaidh an tAire.

CUID III

Dualgas Fógra a thabhairt d'Aturnaetha Eile

8. (1) Faoi réir *fhomhír* (2), sula ndéanfaidh sé nó sí iarratas ar chláru, tabharfaidh aturnae faoi chomhchumhacht leithleach fógra á rá go mbeartaíonn sé nó sí déanamh amhlaidh d'aon aturnae eile faoin gcumhacht nach bhfuil ag uamadh leis an iarratas a dhéanamh; agus beidh feidhm ag *míreanna* 4(2) agus 6 i ndáil le haturnaetha a bheidh i dteideal fógra a fháil de bhua na míre seo mar atá feidhm acu i ndáil le daoine atá i dteideal fógra a fháil faoin Sceideal seo.

(2) Níl aturnae i dteideal fógra a fháil de bhua na míre seo murab eol don aturnae iarrthach a sheoladh nó a seoladh agus mura féidir leis an aturnae iarrthach le réasún é a fháil amach.

CUID IV

Forlíontach

9. Chun críocha an Sceidil seo, féadfar fógra a thabharfar leis an bpost a chur leis an bpost cláraithe réamhíochta chuig gnátháit chónaithe an duine dá mbeidh sé le tabhairt, nó chuig an áit chónaithe is déanaí is eol a bheidh aige nó aici, agus measfar gur ar an lá a cuireadh sa phost é a tugadh é.

Alt 14.

AN DARA SCEIDEAL

COMHATURNAETHA AGUS COMHATURNAETHA LEITHLEACHA

CUID I

Comhaturnaetha

1. In *alt* 5(4), an tagairt don tráth a fhorghníomhóidh an t-aturnae an ionstraim léifear í mar thagairt don tráth a fhorghníomhóidh an dara haturnae nó an t-aturnae deireanach an ionstraim.

2. In *ailt* 5(5), 8, 10(3), 12(2) agus 12(4), aon tagairtí don aturnae léifear iad mar thagairtí a fholaíonn tagairtí d'aon aturnae faoin gcumhacht agus, i gcás *alt* 12(4)(d), faoi réir *alt* 14(3).

CUID II

Comhaturnaetha agus Comhaturnaetha Leithleacha

3. Maidir le cumhacht mharthanach aturnae do dhul in éag sna himthosca a luaitear in *alt* 5(7), ní bheidh feidhm ag an dul in éag sin ach amháin a mhéid a bhaineann sé le haturnae arb é nó í céile an deontóra é nó í.

[1996.] *An tAcht um Chumhachtaí Aturnae*, 1996 [Uimh. 12.]

Alt 16.

AN TRÍÚ SCEIDEAL

FOIRM CUMHACHTA GINEARÁLTA ATURNAE

Déanann AB as
AN CHUMHACHT GHINEARÁLTA ATURNAE SEO an
lá seo de 19
Ceapaimse CD as
[nó CD as agus EF as

i gcomhpháirt (nó i gcomhpháirt agus go leithleach)] chun bheith ina aturnae / ina haturnae / ina n-aturnaetha dom de réir *alt 16* den *Acht um Chumhachtaí Aturnae*, 1996.

DÁ FHIANÚ SIN, etc.

Alt 25.

AN CEATHRÚ SCEIDEAL

NA HACHTACHÁIN A AISGHAIRTEAR

| Caibidil | Gearrtheideal | Méid na hAisghairme |
|---------------------|--------------------------------|--------------------------------|
| 44 & 45 Vic., c. 41 | <i>Conveyancing Act</i> , 1881 | Cuid XI (ailt 46, 47 agus 48). |
| 45 & 46 Vic., c. 39 | <i>Conveyancing Act</i> , 1882 | Ailt 8 agus 9. |

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€3.81

